



Liotúirge. Tráth 4: Teaghlaigh na Lúcháire

(Is féidir é a úsáid mar Liotúirge an Bhriathair)

Is féidir áit urnaí simplí a chruthú, íocón Mhuire máthair Dé, nó íocón Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 le sonrú ann. Is féidir siombailí an teaghlaigh a thaispeáint, gar don altóir (m.sh. coinnle le hainmneacha na dteaghlach, agus siombailí teaghlaigh a leagadh amach).

Amhrán Iontrála: Bíodh siombailí an teaghlaigh/an íocóin á iompar isteach agaibh

Gnás na hAithrí:

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa Rí na nDúl agus teachtaire na síochána. A Thiarna déan trócaire.
A Thiarna déan trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa mac Dé agus mac Mhuire. A Chríost déan trócaire.
A Chríost déan trócaire.

Ceannaire: A Thiarna Íosa, is tusa an Briathar i gcolainn, agus glóir an Athar. A Thiarna déan trócaire.
A Thiarna déan trócaire.

An Chéad Léacht:

Sliocht as Leabhar na nUimhreacha (6:22–7)
Salm: Salm 23

An Dara Léacht:

Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Galataigh (4:4–7)

Comhgháir an tSoiscéil:

Alleluia, Alleluia!

Labhair Dia go minic agus ar shlí éagsúla anallód léis na haithreacha trí bhíthin na bhfáithe; ach sna laethanta deireanacha seo labhair sé linn trína Mhac.

Alleluia.

An Soiscéal:

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcaís (1:41–5)

Má bhíonn an Eocairist á ceiliúradh, is féidir na móideanna baiste a athnuachan in ionad na Cré a rá.



Guí an Phobail

1. Guímid ar son an teaghlaigh Chríostaí, go dtabharfaidh Dia aire ghrámhar dúinn. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
2. Guímid ar son an teaghlaigh dhomhanda, go gcuirfidh Dia an tsíocháin agus an cur le chéile i bhfeidhm inár measc. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
3. Guímid ar son phobal na scoile, go mbronnfaidh Dia oideachas oiriúnach corpartha acadúil agus spioradálta orainn. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
4. Guímid ar son ár dteaghlach, go dtabharfaidh Dia treoir dúinn i dtráth agus in antráth. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
5. Guímid ar son ár muintire atá ag fulaingt in anam, i gcorp nó i spiorad. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.
6. Guímid ar son bhaill an teaghlaigh atá ar shlí na fírinne. A Thiarna éist linn.
A Thiarna bí ceansa agus éist linn.

Is féidir deireadh a chur leis an tseirbhís ansin, agus ceol oiriúnach a bheith ann ina dhiaidh.

Moladh: Paidir Eocairisteach II

Moltaí don Cheol (in oiriúint do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach):

1. *Críost le mo Thaobhsa*
2. *Aoibhneas an Ghrá don Domhan Uile* (Iomann Oifigiúil Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018) (Ephrem Feeley)
3. *Céad Mile Fáilte Romhat*
4. *Cruthaithe ag Dia*
5. *Ag Críost an Síol* (Ó Riada)
6. *A Dhia Dhil*
7. *Ár nAthair*
8. *Magnificat* (Ronan McDonagh)
9. *A Mhuire 'Mháthair*
10. *Réir Dé*

Comhghártha: Bailiúchán 'An tAifreann a Chanadh'